



Cúrsa Gearr **An Corpoideachas (CO)**

Sonraíocht le haghaidh sa tSraith Shóisearach



Clár

Leathanach 3

Intreoir don tsraith shóisearach

Leathanach 4

Réasúnaíocht

Leathanach 5

Aidhm

Leathanach 6

Naisc

Leathanach 8

Forbhreathnú ar an gcúrsa

Leathanach 9

Ionchais maidir le scoláirí

- 10 **Snáithe 1:** Gníomhaíocht choirp don tsláinte agus don fholláine
- 11 **Snáithe 2:** Cluichí
- 12 **Snáithe 3:** Dúshlán aonair agus foirne
- 13 **Snáithe 4:** Damhsa agus gleacaíocht

Leathanach 14

Measúnú agus teistiúchán

Leathanach 24

Aguisín 1:

Táscairí Leibhéal do Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí

Intreoir don tsraith shóisearach

Suíonn oideachas na sraithe sóisearaí scoláirí i gceartlár an eispéiris oideachasúil, ag cur ar a gcumas páirt ghníomhach a ghlacadh ina gcomhphobail agus sa tsochaí, agus bheith ina bhfoghlaimeoirí seiftiúla muiníneacha i ngach gné agus ag gach céim dá saol. Cuimsíonn an tsraith shóisearach gach scoláire agus cuireann sí le cothromaíocht deiseanna, rannpháirtíocht agus torthaí don uile dhuine.

Ligeann an tSraith Shóisearach do scoláirí ceangal láidir a dhéanamh leis an bhfoghlaím trí dhírú ar cháilíocht na foghlama a thiteann amach agus trí eispéiris a thairiscint atá spreagúil agus taitneamhach dóibh, agus bainteach lena saol. Tá ardcháilíocht ag roinnt leis na heispéiris seo, cuireann siad le leas fisiceach, meabhrach, agus sóisialta na scoláirí, agus nuair is féidir, tugann siad deiseanna dóibh a gcumais agus a dtallanna a fhorbairt i réimsí na cruthaitheachta agus na fiontraíochta. Tógann clár sraith shóisearach an scoláire ar an bhfoghlaím a rinne siad ar an mbunscoil. Tacaíonn sé le breis dhul chun cinn ina gcuid foghlama. Cabhraíonn sé le scoláirí na scileanna foghlama a fhorbairt a bheidh ina gcúnamh acu agus iad ag tabhairt faoi dhúshlán an tsaoil tar éis na scoile.

Réasúnaíocht

Tá daoine óga atá ag dul den tsraith shóisearach ag céim thábhachtach ina saol agus iad ag forbairt go mear, go fisiceach, go síceolaíoch agus go sóisialta. Níos mó ná riamh, is iad féin a dhéanann a gcinntí faoi stíl mhaireachtála, ina measc cé acu agus/nó conas a ghlacfaidh siad páirt i ngníomhaíocht rialta fhisiceach. Is féidir le corpoideachas deiseanna taitneamhacha fiúntacha a sholáthar do gach scoláire ina bhforbraíonn siad na scileanna luail agus na hinniúlachtaí chun bheith rannpháirteach agus chun feidhmiú i réimse gníomhaíochtaí fisiceacha go cumasach, go muiníneach agus go sábháilte. Tógann sé ar inspreagadh agus ar choimtmint scoláirí i leith na gníomhaíochta fisicí agus an spóirt laistigh agus lasmuigh den scoil. Is féidir leis scoláirí a spreagadh chun idir róil rannpháirtíochta agus cheannaireachta a ghlacadh chucu féin, ar neamhchead dá n-eispéiris roimhe sin ná dá gcumas i dtaca le gníomhaíocht fhisiceach.

Sa ghearrchúrsa seo foghlaimíonn scoláirí aird bheith acu ar thábhacht gníomhaíocht choirp ar mhaithe le feabhsú sláinte agus chun roghanna eolasacha a dhéanamh faoin gcaoi chun gníomhaíocht choirp a bheith ina cuid dá stíl mhaireachtála shláintiúil. Tá roghanna eolasacha den sórt sin ríthábhachtach d'fhorbairt gnásanna gníomhaíocht choirp ar feadh an tsaoil, mar sin de cuirtear béim ar leith sa chúrsa agus i ndearadh an mheasúnaithe ar rogha scoláirí agus ar chomhairliúchán le scoláirí. Tógann an cúrsa ar a gcuid foghlama sa chorpoideachas sa bhunscoil agus leagann síos an dúshraith dá gcuid foghlama i gcorpoideachas na sraithe sinsearaí.

Aidhm

Is í an aidhm atá leis an ngearrchúrsa sa Chorpoideachas scoláirí a fhorbairt mar rannpháirtithe eolasacha, sciliúla agus cruthaitheacha atá muiníneach agus cumasach go leor chun feidhmiú go sábháilte i gníomhaíochtaí éagsúla. Tá sé i gceist go méadódh an cúrsa ar mheas scoláirí ar thábhacht ghníomhaíocht choirp uileghabhálach ar mhaithe le feabhsú sláinte agus ar a goimintint ina leith anois agus san am atá le teacht.

Naisc

Léiríonn na táblaí a leanann an chaoi a bhfuil an CO nasctha le gnéithe lárnacha Chreat na Sraithe Sóisearaí

Ráitis foghlama (RF)

Ráiteas	Samplaí d'fhoghlaim ábhartha sa chúrsa
Tá an scoláire ina rannpháirtí muiníneach agus cumasach sa ghníomhaíocht fhisiciúil agus inspreamhadh inti/ann le bheith gníomhach go fhisiciúil RF12	Éiríonn scoláirí níos muiníní agus níos cumasaí agus iad ag foghlaim chun páirt a ghlacadh i réimse de ghníomhaíochtaí choirp dúshlánacha a oireann dá bhforbairt féin. Socraíonn siad spriocanna agus pleanálann chun a n-inniúlacht, a gcorpacmhainn agus a rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp a fheabhsú.
Déanann an scoláire gníomh chun a leas féin agus leas dhaoine eile a chosaint agus a chothú RF11	Meabhraíonn scoláirí ar a gcuid gníomhaíocht choirp féin agus pleanálann le haghaidh gníomhaíocht choirp rialta bhríoch a dhéanamh. Déanann siad gníomhaíochtaí a chothaíonn caidreamh dearfach agus a éilíonn comhoibriú agus meas ar chumais dhifriúla. Foghlaimíonn scoláirí chun gnásanna sábháilteachta a chur i bhfeidhm thar na gníomhaíochtaí éagsúla. Pleanálann siad, stiúrann siad agus glacann siad páirt i ngníomhaíochtaí cuí ullmhaithe agus fuaraithe..
Cruthaíonn agus cuireann an scoláire i láthair saothair ealaíne agus tuigean sé/sí an próiseas agus na scileanna atá i gceist RF4	Cruthaíonn agus léiríonn scoláirí damhsa aonair agus grúpa agus/nó léirithe gleacaíochta de réir critéar d'fheidhmiú ealaíne. Beachtaíonn siad a léirithe de réir a gcuid athmhachnaimh agus an aiseolaí a fhaigheann siad.

Litearthacht agus uimhearhacht

Cuireann an Corpoideachas le forbairt scileanna litearthachta trí ghníomhaíochtaí ina mbíonn scoláirí:

- ag úsáid mar is cuí na bhfocal agus na bhfrásaí is mó a bhaineann leis an gcorpoideachas agus le gníomhaíocht choirp
- ag plé réitigh dhifriúla do thascanna sa chorpoideachas lena gcuid piaraí
- ag déanamh taighde ar thopaicí difriúla sa chorpoideachas agus ag cur a dtorthaí i láthair a gcuid piaraí
- ag forbairt uirlisí tacaíochta faoi na sochair a thagann le páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht rialta choirp

- ag comhlánú loga nó tuairisce dá ndul chun cinn i dtreo spriocanna gníomhaíocht choirp ar leith a chuireann leis an tsláinte nó leis an bhfeidhmíocht
- ag úsáid foirmeacha difriúla meán agus uirlisí digiteacha chun bheith ag foghlaim sa chorpoidéachas

Cuireann an Corpoideachas le forbairt scileanna uimhearthachta trí ghníomhaíochtaí ina mbíonn scoláirí:

- ag tomhas agus ag taifead a bhfeidhmíocht féin sa rang CO
- ag déanamh anailíse staitistiúla dá bhfeidhmíocht féin agus cuid daoine eile, é a chur i láthair go grafach, agus na torthaí a úsáid chun feidhmíocht a mheas agus chun pleanáil le haghaidh feabhsúcháin
- eolas a chuirtear i láthair i bhfoirm ghrafach agus i dtáblaí a léirmhíniú
- patrúin agus treochtaí a aithint a tharlaíonn i ngníomhaíochtaí éagsúla choirp
- A bhfeasacht spásúil a fhorbairt i gcomhthéacsanna difriúla luaile.

Príomhscileanna eile

Tá roinnt míreanna ag gach príomhscil a shoiléiríonn an t-eolas, na scileanna agus na meonta (an mhéin) a bhaineann leis an bpríomhscil sin. Tá na míreanna agus a dtorthaí foghlama leagtha amach go mion in *Príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí*. Tá deiseanna ann tacú le gach príomhscil sa chúrsa seo ach tá roinnt díobh atá níos tábhachtaí ná a chéile. Léiríonn na samplaí thíos iad siúd atá bainte leis na gníomhaíochtaí foghlama sa Chorpoidéachas. Is féidir le múinteoirí a lán de na míreanna eile a bhaineann le príomhscileanna ar leith a fhí isteach ina bpleanáil ranga

An phríomhscil	Mír na príomhscile	Gníomhaíocht foghlama an scoláire
A bheith cruthaitheach	Roghanna a fhiosrús	Pléann agus aontaíonn scoláirí réitigh ar fhadhbanna a thagann chun cinn i ngníomhaíochtaí éagsúla choirp
Cumarsáid	Éisteacht agus mé féin a chur in iúl	SFuasclaíonn scoláirí fadhbanna agus tagann siad ar réitigh go measúil le comhscoláirí i réimse de ghníomhaíochtaí choirp
Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú	Eolas agus sonraí a bhailiú, a chlárú, a eagrú agus a mheas	Bailíonn agus eagraíonn scoláirí sonraí chun fianaise a thabhairt i dtaobh a bhfeidhmíochta féin agus cuid daoine eile. Úsáideann siad an t-eolas sin chun pleanáil le haghaidh feabhsúcháin.
Mé féin a bhainistiú	Spriocanna pearsanta a shocrú agus a bhaint amach	Ceapann scoláirí pleananna agus tugann siad fúthu chun spriocanna pearsanta nó grúpa a bhaint amach. Machnaíonn siad ar a ndul chun cinn agus ar a gcuid foghlama agus déanann na coigeartuithe cuí dá spriocanna..
Fanacht folláin	A bheith folláin, fisiceach agus gníomhach	Foghlaimíonn scoláirí chun cinntí eolasacha a dhéanamh faoina rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp. Foghlaimíonn scoláirí straitéisí chun tacú lena rannpháirtíocht rialta i ngníomhaíocht choirp.
Obair le daoine eile	Comhoibriú	Téann scoláirí i mbun roinnt tascanna piara agus grúpa a éilíonn comhoibriú d'fhonn spriocanna comónta agus dúshlánacha a bhaint amach.

Forbhreathnú ar an gcúrsa

Snáithe 1: Gníomhaíocht choirp don tsláinte agus don fholláine

Snáithe 2: Cluichí

Snáithe 3: Dúshláin aonair agus foirne

Snáithe 4 Damhsa agus gleacaíocht

Trí pháirt a ghlacadh i ngach ceann de na ceithre snáitheanna, foghlaimíonn scoláirí chun réimse de scileanna luaile agus inniúlachtaí inaistrithe a fheabhsú ionas gur féidir leo a bhfeidhmíocht a fhorbairt i ngníomhaíochtaí éagsúla coirp. Spreagtar iad freisin chun tógáil ar a gcoimítmint i leith gníomhaíocht choirp ar mhaithe lena sláinte agus lena bhfolláine.

Cinnfidh gach scoil an t-ord ina dteagasctar na snáitheanna agus, de réir mar is cuí, soláthróidh siad ualúchán cothrom ama do gach snáithe chun go mbeidh an clár leathan, cothromaithe, oiriúnach ó thaobh na forbartha de a chinntiú, **clár a chlúdaíonn ceithre snáitheanna uile an chúrsa.**

Díríonn **Snáithe 1** ar thuiscint agus ar choimítmint scoláirí a thógáil i leith gníomhaíocht rialta choirp ar mhaithe lena sláinte mar chuid de stíl mhaireachtála shláintiúil. Cuireann scoláirí a gcuid foghlama i bhfeidhm agus iad ag dearadh, ag cur i ngníomh agus ag meas a gclár gníomhaíocht choirp féin.

Díríonn Snáithe 2 ar inniúlacht agus ar mhuinín scoláirí a thógáil in dhá cheann de na catagóirí cluichí seo a leanas: cúirt roinnte, cluichí ionraidh, buailte agus gabhála. Foghlaimíonn scoláirí conas réimse de scileanna luaile agus inniúlachtaí inaistrithe a fhorbairt agus na bealaí inar féidir iad sin a úsáid laistigh agus trasna na gcatagóirí cluichí difriúla.

Díríonn Snáithe 3 ar inniúlacht agus ar mhuinín scoláirí a thógáil in dhá cheann de na réimsí gníomhaíocht choirp seo a leanas: treodóireacht agus dúshláin foirne, uiscíocht agus lúthchleasaíocht. Spreagtar scoláirí chun spriocanna dúshlánacha a shocrú dóibh féin ina n-aonair agus /nó mar bhall d'fhoireann agus chun athmhachnamh a dhéanamh ar an eispéireas agus ar an dul chun cinn a rinneadh. Sa snáithe seo féadann scoileanna gníomhaíocht eachtra a roghnú seachas treodóireacht má oireann a suíomh don rogha sin.

Díríonn Snáithe 4 ar inniúlacht scoláirí i luail ealaíonta agus aeistéitiúil agus ar a dtuiscint uirthi agus iad ag cruthú agus ag léiriú i ngrúpa le haghaidh lucht féachana i gceachtar díobh gleacaíocht nó damhsa. Aithnítear go bhfuil an tábhacht chéanna leis an bpróiseas trína gcruthaítear an damhsa nó an tsraith luailí ghleacaíochta agus atá leis an léiriú deiridh.

Ta na torthaí foghlama sa ghearrchúrsa seo ailínithe leis na Táscairí Leibhéil do Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (Aguisín 1).

Dearadh an cúrsa le haghaidh tuairim is 100 uair de rannpháirtíocht scoláirí.

Hionchais maidir le scoláirí

Agus an tsonraíocht á fhoilsiú ar líne, bainfear úsáid as samplaí d'obair scoláirí chun na hionchais maidir le scoláirí a léiriú sa ghearrchúrsa. Beidh baint dhíreach ag na samplaí seo le toradh foghlama nó le grúpaí de thorthaí foghlama.

Snáithe 1: Gníomhaíocht choirp don tsláinte agus don fholláine

Torthaí foghlama

Foghlaimíonn scoláirí maidir le ...

Ba chóir go mbeadh scoláirí ábalta ...

Monatóireacht a dhéanamh ar agus feabhas a chur ar a gcorpacmhainn

- 1.1. spriocanna feabhsaithe SICRU a shocrú bunaithe ar chomparáid idir torthaí a gcorpacmhainne ar son a sláinte agus/nó i gcoibhneas lena bhfeidhmíocht agus faoi réir noirm dá n-aois agus dá ngnéas
- 1.2. prionsabail oiliúna a chur i bhfeidhm laistigh de chlárghníomhaíocht choirp phearsantaithe (íosfhad de shé seachtainí) a ceapadh chun feabhas a chur ar a gcorpacmhainn ar son a sláinte agus/nó i gcoibhneas lena bhfeidhmíocht, ag clárú a ndul chun cinn
- 1.3. a rannpháirtíocht agus a ndul chun cinn sa chlár a mheas, ag tabhairt fianaise ar dhul chun cinn a dhéantar agus ag aithint bealaí inar féidir leo tuilleadh forbartha a dhéanamh.

Gníomhaíocht choirp do chách

- 1.4. réimse teicnící tomhais a úsáid chun monatóireacht agus anailís a dhéanamh ar leibhéil ghníomhaíocht choirp thar thréimhse mharthanach ama
- 1.5. réimse straitéisí a aimsiú chun tacú le rannpháirtíocht leanúnach i ngníomhaíocht choirp ar son na sláinte
- 1.6. dul i gceann gníomhaíochtaí coirp a bheidh taitneamhach ag daoine óga agus ar féidir leo tabhairt fúthu chun na híosmholtaí maidir le gníomhaíocht choirp a bhaint amach..

Snáithe 2: Cluichí

Foghlaimíonn scoláirí faoi **dhá cheann** de na catagóirí cluichí.

Foghlaimíonn scoláirí maidir le ...**Ba chóir go mbeadh scoláirí ábalta ...**

Cluichí ionraidh

2.1. réimse leathan scileanna agus straitéisí luaile a úsáid go héifeachtach chun a bhfeidhmíocht féin a fheabhsú

Cluichí buailte agus gabhála

2.2. freagracht a ghlacadh as feabhas a chur ar a bhfeidhmíocht féin bunaithe ar láidreachtaí agus ar riachtanais forbartha phearsanta t

Cluichí cúirt roinnte

2.3. gníomhaíochtaí a leasú nó a mhodhnú chun cuimsiú agus taitneamh a chur chun cinn ar mhodh sábháilte

2.4. gníomhaíochtaí a léiriú chun feabhas a chur ar a gcorpachmhainn ar son a sláinte agus/nó i gcoibhneas lena bhfeidhmíocht i gcluiche áirithe agus lena aghaidh, lena n-áirítear ullmhú agus fuarú

2.5. freagairt, ina n-aonair agus mar bhall foirne do chásanna difriúla cluichí.

Snáithe 3: Dúshlán aonair agus foirne

Foghlaimíonn scoláirí faoi **dhá cheann** de na réimsí gníomhaíocht choirp.

Foghlaimíonn scoláirí maidir le ... Ba chóir go mbeadh scoláirí ábalta ...

Treodóireacht agus dúshlán foirne	<p>3.1. straitéisí treodóireachta agus scileanna léamh mapa a úsáid chun imeachtaí éagsúla treodóireachta a dhéanamh go sábháilte agus go muiníneach ag léiriú measa ar an gcomhshaol</p> <p>3.2. cur le dúshlán foirne a éilíonn comhoibriú agus scileanna réitithe fadhbanna chun sprioc chomónta a bhaint amach</p> <p>3.3. machnamh ar a gcion pearsanta féin agus ar éifeachtúlacht a bhfoirne i dtaca le dúshlán grúpa a chur i gcrích.</p>
Uiscíocht	<p>3.4. feidhmiú go cumasach agus go muiníneach i gceann réimse de bhéimeanna snámha</p> <p>3.5. freagairt go cuí do réimse cásanna sábháilteacht uisce</p> <p>3.6. freagracht a ghlacadh as feabhas a chur ar a bhfeidhmíocht féin, bunaithe ar láidreachtaí agus riachtanais forbartha phearsanta in uiscíocht</p>
Lúthchleasaíocht	<p>3.7. feidhmiú go cumasach, go muiníneach agus go sábháilte i réimse d'imeachtaí lúthchleasaíochta</p> <p>3.8. taispeántas a thabhairt de ghníomhaíochtaí chun cur le feidhmíocht in imeachtaí lúthchleasaíochta lena n-áirítear ullmhú fisiceach agus meabhrach</p> <p>3.9. freagracht a ghlacadh as feabhas a chur ar a bhfeidhmíocht féin, bunaithe ar láidreachtaí agus riachtanais forbartha phearsanta i lúthchleasaíocht.</p>

Snáithe 4: Damhsa agus gleacaíocht

Foghlaimíonn scoláirí faoi **cheachtar** díobh gleacaíocht **nó** damhsa sa snáithe seo.

Foghlaimíonn scoláirí maidir le ... Ba chóir go mbeadh scoláirí ábalta ...

Sraith luailí a chruthú	4.1. damhsa a chruthú leo féin nó le daoine eile, ina bhfuil stíl roghnaithe rince agus réimse de theicnící córagrafacha agus frapaí oiriúnacha agus ceol Nó 4.2. sraith luailí nó gnáthamh a chruthú bunaithe ar théama gleacaíochta (leo féin nó le daoine eile), agus réimse de theicnící cumadóireachta agus de scileann gleacaíochta bheith ann .
Machnamh a dhéanamh ar léiriú	4.3. a bheachtú de réir critic ar fhíseán dá léiriú agus/nó aiseolais ó dhaoine eile
Léiriú a dhéanamh	4.4. an tsraith luailí damhsa/gleacaíochta a léiriú do lucht féachana agus ceol agus/nó frapaí cuí a bheith léi 4.5. machnamh a dhéanamh ar an taithí a fuair siad ag cruthú léirithe agus ag glacadh páirte ann

Measúnú agus teistiúchán

Measúnú agus an Corpoideachas

Taobhaíonn an gearrchúrsa seo le réimse leathan cuir chuige i leith an mheasúnaithe. Tá roinnt torthaí foghlama ann atá fóirsteanach do mheasúnú aon uaire, i dtaca le cinn eile is measúnú ar bhonn leanúnach is fóirsteanaí dóibh agus scoláirí ag dul i ngleic le gníomhaíochtaí difriúla mar shampla: cleachtaí, déanamh cluichí, ag léiriú, ag cruthú, ag réiteach fadhbanna, ag tástáil corpacmhainne, féinmheasúnú agus piarmheasúnú. Tugann na gníomhaíochtaí seo deiseanna do scoláirí chun machnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama agus chun cuspóirí agus spriocanna soiléire a shocrú bunaithe ar an aiseolas a fhaigheann siad. Spreagann measúnú leanúnach scoláirí chun níos mó freagrachta a ghlacadh as a gcuid foghlama féin agus ullmhaíonn sé iad freisin le haghaidh measúnaithe a bhaineann le teistiúchán don gearrchúrsa.

Táthar ag dréim le scoláirí fianaise a sholáthar dá bhfoghlaím leanúnach ar bhealaí éagsúla lena n-áirítear meáin dhigiteacha, taifeadtaí fuaimne agus saothair scríofa.

Measúnú don Teistiúchán

Tá measúnú don teistiúchán scoilbhunaithe agus is féidir go dtarraingeoidh sé as foghlaim ó cheithre snáithe uile an chúrsa. Déanann scoláirí trí thasc mheasúnaithe, agus tá gach ceann acu bunaithe ar shnáithe amháin den chúrsa. Caithfear ceann amháin de na tascanna a bhunú ar Shnáithe 1: Gníomhaíocht choirp don tsláinte agus don fholláine. Caithfear an dá cheann eile a bhunú ar cheann éigin de shnáitheanna 2, 3 nó 4. Ar an iomlán, caithfear gach tasc a bhunú ar shnáithe difriúil.

Roghnaíonn an múinteoir an tasc measúnaithe, i gcomhar leis na scoláirí, ag tús an tsnáithe ar a mbeidh an measúnú bunaithe. Cuirtear an tasc measúnaithe i gcrích ag deireadh an tsnáithe iomchuí. Ba chóir na trí thasc mheasúnaithe bheith tagtha chun críche roimh dheireadh an dara téarma sa tríú bliain. Ní chuirtear obair ón gcéad bhliain san áireamh mar chuid den mheasúnú don teistiúchán.

Déantar na tascanna measúnaithe a ualú go cothrom.

Tasc Measúnaithe 1	Tasc Measúnaithe 2	Tasc Measúnaithe 3
Bunaithe ar Shnáithe 1	Bunaithe ar Shnáithe 2, 3 nó 4	Bunaithe ar Shnáithe 2, 3
33.3% / 100 marc	33.3% / 100 marc	nó 4* 33.3% / 100 marc

*Ní féidir an tríú tasc measúnaithe a bhunú ar an snáithe céanna leis an gceann a roghnaíodh don dara tasc.

Tascanna measúnaithe a bhfuil grúpobair iontu

Déantar roinnt de na tascanna le páirtí, grúpa nó foireann nach bhfuil níos mó ná ceathrar scoláirí ann. Tá an obair i bpáirt lárnach don fhoghlaim sa CO agus cuireann sé go mór leis an taitneamh a bhaineann scoláirí as gníomhaíocht choirp freisin. Cé gur féidir le scoláirí tabhairt faoin tasc mar bhall de ghrúpa, is é ionchur ar leith an scoláire sa ghrúpa agus sa tasc a bheidh mar fhócas an mheasúnaithe don teistiúchán.

Snáithe	Cur síos ar na tascanna measúnaithe
Snáithe 1 Gníomhaíocht choirp don tsláinte agus don fholláine	Déantar scoláirí a mheas ar a gcumas chun a glár pearsanta gníomhaíocht choirp, atá ceaptha chun a spriocanna pearsanta feabhais a bhaint amach thar thréimhse dhírthe ama, a phleanáil, a chur i bhfeidhm agus a mheas.
Snáithe 2 Cluichí	Déantar scoláirí a mheas ar a gcumas chun réimse leathan scileanna agus straitéisí luailte a roghnú agus a chur i bhfeidhm go cruthaitheach agus go héifeachtach i suíomh cluiche ionsaithe agus cosanta.
Snáithe 3 Dúshlán aonair agus foirne	Déantar scoláirí a mheas i gceann amháin de na réimsí gníomhaíocht choirp seo a leanas: Dúshlán treodóireachta agus foirne, Uiscíocht nó Lúthchleasaíocht. Dúshlán treodóireachta agus foirne Déantar scoláirí a mheas ar a léiriú in imeacht treodóireacht foirne, a éilíonn réimse de scileanna léamh mapa, straitéisí treodóireachta agus obair foirne. Nó Uiscíocht Déantar scoláirí a mheas ar a gcumas chun freagairt go héifeachtach agus go sábháilte do shuíomh sábháilteacht uisce lena n-áirítear, mar is cuí, dul amach san uisce agus snámh tarrthála. Nó Lúthchleasaíocht Déantar scoláirí a mheas ar a scil agus ar a dteicníc in imeacht lúthchleasaíochta amháin.
Snáithe 4 Damhsa agus gleacaíocht	Déantar scoláirí a mheas ar a léiriú deiridh grúpa sa damhsa nó sa ghleacaíocht.

An réasúnaíocht do na tascanna measúnaithe

Is í aidhm an ghearrchúrsa seo scoláirí a spreagadh chun forbairt ina rannpháirtithe sciliúla agus cruthaitheacha atá muiníneach agus cumasach chun feidhmiú i réimse gníomhaíochtaí coirp. Tá an fócas seo le fáil sna tascanna measúnaithe do Shnáitheanna 2, 3 and 4. Ceapadh na tascanna le scoláirí a spreagadh chun tréaniarracht a dhéanamh an ghníomhaíocht choirp a roghnaíodh a fheabhsú go huile is go hiomlán.

Is í comhaidhm eile an chúrsa tógáil ar thuiscint scoláirí ar thábhacht na gníomhaíochta choirp ar mhaithe le feabhsú sláinte agus le cuimsitheacht agus tógáil ar a dtiomantas ina leith anois agus san am atá le teacht. Léirítear é sin sa tasc measúnaithe do Shnáithe 1. Éilíonn an clár pearsanta gníomhaíocht choirp go ndéanfadh an scoláire pleanáil le haghaidh an chláir agus é a chur i bhfeidhm agus a éifeacht, chun a gcorpacmhainn fhisiceach atá bainteach leis an tsláinte a fhorbairt, a mheas.

Tarraingíonn na tascanna measúnaithe ar thorthaí foghlama ó gach cuid den chúrsa chomh maith le litearthacht, uimhearhacht agus príomhscileanna eile. Tá na torthaí foghlama seo go háirithe an-tábhachtach:

Snáithe 1	Snáithe 2	Snáithe 3	Snáithe 4
Gníomhaíocht choirp don tsláinte agus don fholláine	Cluichí	Dúshláin aonair agus foirne	Damhsa agus gleacaíocht
1.1, 1.2, 1.3, 1.4, 1.5	2.1, 2.2, 2.4, 2.5	3.1, 3.2, 3.3, 3.5, 3.6, 3.7, 3.9	4.2, 4.3, 4.4

Gnéithe cáilíochta

Leagtar amach thíos gnéithe cáilíochta a bhaineann le hobair scoláirí ar an dá thasc mheasúnaithe. Is féidir le múinteoirí agus le scoláirí iad seo a úsáid, i dtéarmaí ginearálta, chun tacú lena bplé faoi agus lena mbreithiúnas ar an obair a rinneadh mar fhreagra ar an tasc measúnaithe. Le bheith níos sonraíche, is iad na gnéithe cáilíochta na critéir a úsáidfidh múinteoirí, le linn dóibh marcáil agus ag cruinnithe modhnóireachta, chun obair an scoláire ar na tascanna measúnaithe a mheas agus a phlé.

Tá na gnéithe cáilíochta bainteach le tascanna measúnaithe leagtha amach, snáithe ar shnáithe, thíos agus ar na leathanaigh a leanann.

Snáithe 1 Gníomhaíocht choirp don tsláinte agus don fholláine

Gnéithe cáilíochta don Chlár Pearsanta Gníomhaíocht Choirp

Gradam

- Tá sárphróifíl sa chlár pearsanta gníomhaíocht choirp de gach gné de chorpacmhainn an scoláire atá bainteach le sláinte nó i gcoibhneas le feidhmíocht, faoi réir comparáidí le noirm dá n-aois agus dá ngnéas.
- Tá an clár deartha chun aghaidh a thabhairt ar réimse de spriocanna pearsanta ar dhóigh an-phearsantaithe, réalaíoch agus thaitneamhach.
- Cuimsíonn sé réimse den scoth de straitéisí ciallmhara chun tabhairt faoi dhúshláin i rannpháirtíocht an chláir.
- Chuir an scoláire machnamh an-léargasach leis, a léiriú na mbuanna agus na ndeacrachtaí a tháinig chun cinn agus an clár á chur i bhfeidhm

Ardtuilleanas

- Tá próifíl an-mhaith sa chlár pearsanta gníomhaíocht choirp de gach gné de chorpacmhainn an scoláire atá bainteach le sláinte nó i gcoibhneas le feidhmíocht, faoi réir comparáidí le noirm dá n-aois agus dá ngnéas.
- Tá an clár deartha chun aghaidh a thabhairt ar réimse de spriocanna pearsanta ar dhóigh an-réalaíoch agus thaitneamhach.
- Cuimsíonn sé réimse an-mhaith de straitéisí ciallmhara chun tabhairt faoi dhúshlán i rannpháirtíocht an chláir.
- Chuir an scoláire machnamh leis a bhfuil léargais an-mhaithe ann, ar na buanna agus ar na deacrachtaí a tháinig chun cinn agus an clár á chur i bhfeidhm.

Tuilleanas

- Tá próifíl mhaith sa chlár pearsanta gníomhaíocht choirp de ghnéithe de chorpacmhainn an scoláire atá bainteach le sláinte nó i gcoibhneas le feidhmíocht, faoi réir comparáidí le noirm dá n-aois agus dá ngnéas.
- Tá an clár deartha chun aghaidh a thabhairt ar réimse de spriocanna pearsanta ar dhóigh réalaíoch agus thaitneamhach.
- Cuimsíonn sé réimse straitéisí chun tabhairt faoi dhúshlán i rannpháirtíocht an chláir.
- Chuir an scoláire machnamh leis a bhfuil léargais shásúla ann, ar na buanna agus ar na deacrachtaí a tháinig chun cinn agus an clár á chur i bhfeidhm.

Gnóthaithe

- Tá próifíl inghlactha sa chlár pearsanta gníomhaíocht choirp de ghnéithe de chorpacmhainn an scoláire atá bainteach le sláinte nó i gcoibhneas le feidhmíocht, faoi réir comparáidí le noirm dá n-aois agus dá ngnéas.
- Tá an clár deartha chun aghaidh a thabhairt ar réimse teoranta de spriocanna pearsanta ar dhóigh réalaíoch agus thaitneamhach.
- Cuimsíonn sé roinnt straitéisí chun tabhairt faoi dhúshlán i rannpháirtíocht an chláir.
- Chuir an scoláire machnamh leis a bhfuil léargais an-teoranta ann, ar na buanna agus ar na deacrachtaí a tháinig chun cinn agus an clár á chur i bhfeidhm.

Gnóthaithe go páirteach

- Tá próifíl theoranta sa chlár pearsanta gníomhaíocht choirp de chorpacmhainn an scoláire atá bainteach le sláinte nó i gcoibhneas le feidhmíocht.
- Tugann sé aghaidh ar níos lú ná dhá sprioc phearsanta.
- Tá níos lú ná dhá straitéis ann chun tabhairt faoi dhúshlán i rannpháirtíocht an chláir.
- Tá léargais theoranta sa mhachnamh ar na buanna agus ar na dúshlán a tháinig chun cinn agus an clár á chur i bhfeidhm.

Snáithe 2 Cluichí

Gnéithe cáilíochta don Mheasúnú Feidhmíochta

Gradam

- San fheidhmíocht seo léirítear sár-réimse scileanna agus straitéisí a chuirtear i gcrích go cumasach, go seasta agus go sábháilte i gcásanna an dá chluiche
- Léiríonn an fheidhmíocht ardchumas chun freagairt go han-éifeachtach faoi bhrú, mar dhuine aonair agus mar bhall foirne, do chásanna difriúla cluichí
- Tá sárleibhéal cruthaitheachta agus tuisceana ann
- Leiríonn sé sárthuisceant ar rialacha na gníomhaíochta coirp.

Arduilleanas

- San fheidhmíocht seo léirítear réimse an-mhaith scileanna agus straitéisí a chuirtear i gcrích go cumasach, go seasta agus go sábháilte i gcásanna an dá chluiche
- Léiríonn an fheidhmíocht cumas maith chun freagairt go héifeachtach faoi bhrú, mar dhuine aonair agus mar bhall foirne, do chásanna difriúla cluichí
- Tá leibhéal an-ard cruthaitheachta agus tuisceana ann
- Leiríonn sé tuisceant an-mhaith ar rialacha na gníomhaíochta coirp.

Tuilleanas

- San fheidhmíocht seo léirítear réimse sásúil scileanna agus straitéisí a chuirtear i gcrích go cumasach, go seasta agus go sábháilte i gcásanna an dá chluiche
- Léiríonn an fheidhmíocht cumas maith chun freagairt go héifeachtach faoi bhrú, mar dhuine aonair agus mar bhall foirne, do chásanna difriúla cluichí
- Tá leibhéal sásúil cruthaitheachta agus tuisceana ann
- Leiríonn sé tuisceant mhaith ar rialacha na gníomhaíochta coirp.

Gnóthaithe

- San fheidhmíocht seo léirítear réimse measartha scileanna agus straitéisí a chuirtear i gcrích le méid airithe cumais, seasmhachta agus sábháilteachta i gcásanna na gcluichí difriúla
- Léiríonn an fheidhmíocht roinnt cumais chun freagairt go héifeachtach faoi bhrú, mar dhuine aonair agus mar bhall foirne, do chásanna difriúla cluichí
- Tá leibhéal measartha cruthaitheachta agus tuisceana ann
- Leiríonn sé tuisceant éigin ar rialacha na gníomhaíochta coirp.

Gnóthaithe go páirteach

- San fheidhmíocht seo léirítear réimse teoranta scileanna agus straitéisí
- Léiríonn an fheidhmíocht cumas teoranta chun freagairt go héifeachtach faoi bhrú, mar dhuine aonair agus mar bhall foirne, do chásanna difriúla cluichí
- Tá beagán cruthaitheachta ann
- Leiríonn sé tuisceant theoranta ar rialacha na gníomhaíochta coirp.

Snáithe 3 Dúshlám aonair agus foirne

Gnéithe cáilíochta don Imeacht Treodóireacht Foirne

Sa tasc measúnaithe seo, tá grád an scoláire bunaithe ar a bhfeidhmíocht aonair san imeacht treodóireachta agus ar a n-ionchur in iarracht na foirne an t-imeacht a chríochnú go sásúil.

Gradam

- Críochnaíonn an scoláire a mbabhta den imeacht treodóireachta go han-rathúil, agus sár-aird acu ar gach ceist sabhálteachta.
- Léiríonn siad sárchumas chun feidhmiú go héifeachtach mar bhall foirne.
- Ag deireadh an imeachta, thug an scoláire critic an-léargasach dá bhfeidhmíocht, ag lua sainstraitéisí léamh léarscáileanna agus treodóireachta a úsáideadh.

Ardtuillteanas

- Críochnaíonn an scoláire a mbabhta den imeacht treodóireachta go han-rathúil, agus an-aird acu ar gach ceist sabhálteachta.
- Léiríonn siad cumas an-mhaith chun feidhmiú go héifeachtach mar bhall foirne.
- Ag deireadh an imeachta, thug an scoláire critic le léargais an-mhaithe ar a bhfeidhmíocht, ag lua sainstraitéisí léamh léarscáileanna agus treodóireachta a úsáideadh.

Tuillteanas

- Críochnaíonn an scoláire a mbabhta den imeacht treodóireachta go rathúil, agus aird mhaith acu ar gach ceist sabhálteachta.
- Léiríonn siad cumas maith chun feidhmiú go héifeachtach mar bhall foirne.
- Ag deireadh an imeachta, thug an scoláire critic le léargais shásúla ar a bhfeidhmíocht, ag lua sainstraitéisí léamh léarscáileanna agus treodóireachta a úsáideadh.

Gnóthaithe

- Críochnaíonn an scoláire a mbabhta d'imeacht treodóireachta an ghrúpa le rath áirithe inghlactha, agus aird inghlactha acu ar gach ceist sabhálteachta.
- Léiríonn siad roinnt cumais chun feidhmiú go héifeachtach mar bhall foirne.
- Ag deireadh an imeachta, thug an scoláire critic le roinnt léargas ar a bhfeidhmíocht, ag lua roinnt straitéisí léamh léarscáileanna agus treodóireachta a úsáideadh.

Gnóthaithe go páirteach

- Críochnaíonn an scoláire i bpáirt a mbabhta d'imeacht treodóireachta an ghrúpa a agus tugann beagán airde ar cheisteanna sabhálteachta.
- Bíonn ionchur teoranta ag an scoláire in iarracht na foirne chun an t-imeacht a chríochnú.
- Ag deireadh an imeachta, thug an scoláire critic theoranta ar a bhfeidhmíocht, agus luaigh siad níos lú ná dhá shainstraitéis léamh léarscáileanna agus treodóireachta a úsáideadh.

Snáithe 3 Dúshláin aonair agus foirne

Gnéithe cáilíochta don Mheasúnú Feidhmíochta i Lúthchleasaíocht

Gradam

- Léiríonn an fheidhmíocht sa mhír lúthchleasaíochta sárleibhéal scile agus teicníce, curtha i gcrích go cumasach agus go seasta.
- Léiríonn an scoláire sárchumas chun dul san iomaíocht go héifeachtach faoi bhrú, ina aonar agus, mar is cuí, mar bhall foirne, sa mhír.
- Taispeánann an scoláire sárthuisicint ar rialacha an chomórtais, lena n-áirítear an sárleibhéal lena gcloítear leis na réamhchúraimí sábháilteachta a éilíonn an t-imeacht.

Arduilleanas

- Léiríonn an fheidhmíocht sa mhír lúthchleasaíochta leibhéal an-mhaith scile agus teicníce, curtha i gcrích go cumasach agus go seasta.
- Léiríonn an scoláire cumas an-mhaith chun dul san iomaíocht go héifeachtach faoi bhrú, ina aonar agus, mar is cuí, mar bhall foirne, sa mhír.
- Taispeánann an scoláire tuiscint an-mhaith ar rialacha an chomórtais, lena n-áirítear an leibhéal an-ard lena gcloítear leis na réamhchúraimí sábháilteachta a éilíonn an t-imeacht.

Tuillteanas

- Léiríonn an fheidhmíocht sa mhír lúthchleasaíochta leibhéal maith scile agus teicníce, curtha i gcrích go cumasach agus go seasta.
- Léiríonn an scoláire cumas maith chun dul san iomaíocht go héifeachtach faoi bhrú, ina aonar agus, mar is cuí, mar bhall foirne, sa mhír.
- Taispeánann an scoláire tuiscint mhaith ar rialacha an chomórtais, lena n-áirítear an leibhéal ard lena gcloítear leis na réamhchúraimí sábháilteachta a éilíonn an t-imeacht.

Gnóthaithe

- Léiríonn an fheidhmíocht sa mhír lúthchleasaíochta leibhéal inghlactha scile agus teicníce.
- Léiríonn an scoláire roinnt cumais chun dul san iomaíocht go héifeachtach, den chuid is mó, faoi bhrú ina aonar agus, mar is cuí, mar bhall foirne, sa mhír.
- Taispeánann an scoláire tuiscint éigin ar rialacha an chomórtais, lena n-áirítear an leibhéal inghlactha lena gcloítear leis na réamhchúraimí sábháilteachta a éilíonn an t-imeacht.

Gnóthaithe go páirteach

- Léiríonn an fheidhmíocht sa mhír lúthchleasaíochta leibhéal teoranta scile agus teicníce sa mhír lúthchleasaíochta a roghnaíodh.
- Taispeánann an scoláire cumas teoranta chun dul san iomaíocht go héifeachtach faoi bhrú, ina aonar agus, mar is cuí, mar bhall foirne, sa mhír.
- Taispeánann an scoláire tuiscint theoranta ar rialacha an chomórtais, lena n-áirítear an leibhéal íseal lena gcloítear leis na réamhchúraimí sábháilteachta a éilíonn an t-imeacht.

Snáithe 3 Dúshláin aonair agus foirne

Gnéithe cáilíochta don Mheasúnú Feidhmíochta in Uiscíocht

Gradam

- Léiríonn an scoláire sárchumas chun freagairt go han-éifeachtach do chás sábháilteacht uisce
- Léiríonn an scoláire sárthuisicint ar rialacha sábháilteacht uisce.
- Tá réimse sármhaith scileanna agus teicnící in úsáid san fheidhmíocht, ina measc, de réir mar is cuí, an iontráil shábháilte in uisce agus an snámh chun teacht slán.

Arduilleanas

- Léiríonn an scoláire cumas an-mhaith chun freagairt go han-éifeachtach do chás sábháilteacht uisce
- Léiríonn an scoláire tuiscint an-mhaith ar rialacha sábháilteacht uisce.
- Tá réimse an-mhaith scileanna agus teicnící in úsáid san fheidhmíocht, ina measc, de réir mar is cuí, an iontráil shábháilte in uisce agus an snámh chun teacht slán.

Tuilleanas

- Léiríonn an scoláire cumas maith chun freagairt go héifeachtach do chás sábháilteacht uisce
- Léiríonn an scoláire tuiscint mhaith ar rialacha sábháilteacht uisce.
- Tá réimse maith scileanna agus teicnící in úsáid san fheidhmíocht, ina measc, de réir mar is cuí, an iontráil shábháilte in uisce agus an snámh chun teacht slán.

Gnóthaithe

- Léiríonn an scoláire cumas éigin chun freagairt go héifeachtach do chás sábháilteacht uisce
- Léiríonn an scoláire tuiscint éigin ar rialacha sábháilteacht uisce.
- Tá réimse inghlactha scileanna agus teicnící in úsáid san fheidhmíocht, ina measc, de réir mar is cuí, an iontráil shábháilte in uisce agus an snámh chun teacht slán.

Gnóthaithe go páirteach

- Léiríonn an scoláire cumas teoranta chun freagairt go héifeachtach do chás sábháilteacht uisce.
- Léiríonn an scoláire tuiscint teoranta ar rialacha sábháilteacht uisce.
- Tá réimse teoranta scileanna agus teicnící in úsáid san fheidhmíocht agus, cumas teoranta chun a thaispeáint, de réir mar is cuí, iontráil shábháilte in uisce agus an snámh chun teacht slán.

Snáithe 4 Damhsa agus Gleacaíocht

Gnéithe cáilíochta don Mheasúnú Feidhmíochta

Sa tasc measúnaithe seo, tá grád an scoláire bunaithe ar a bhfeidhmíocht aonair i léiriú damhsa/gleacaíochta an ghrúpa agus ar a n-ionchur sa léiriú sin chomh maith.

Gradam

- Léiríonn an scoláire sárscil, staidiúr agus muinín ina léiriú féin.
- Taispeánann a léiriú sárthuisicint ar an stíl/téama ar a bhfuil an léiriú deiridh bunaithe.
- Tá sárleibhéal cruthaitheachta le feiceáil sa réimse teicnící córagrafacha agus cumadóireachta, prapaí agus ceoil a úsáidtear sa léiriú.
- Bíonn ionchur sármhaith ag an scoláire i léiriú an ghrúpa ina iomláine agus taispeánann sárfheasacht ar dhaoine eile agus iad ag bogadh, lena n-áirítear an sárleibhéal lena gcloítear leis na réamhchúraimí sábháilteachta atá riachtanach don ghníomhaíocht.

Ardtuillteanas

- Léiríonn an scoláire scil, staidiúr agus muinín an-mhaith ina léiriú féin.
- Taispeánann a léiriú an-tuisicint ar an stíl/téama ar a bhfuil an léiriú deiridh bunaithe.
- Tá leibhéal an-mhaith cruthaitheachta le feiceáil sa réimse teicnící córagrafacha agus cumadóireachta, prapaí agus ceoil a úsáidtear sa léiriú.
- Bíonn ionchur an-mhaith ag an scoláire i léiriú an ghrúpa ina iomláine agus taispeánann feasacht an-mhaith ar dhaoine eile agus iad ag bogadh.
- Cloítear ag leibhéal an-mhaith sa léiriú leis na réamhchúraimí sábháilteachta atá riachtanach don ghníomhaíocht.

Tuillteanas

- Léiríonn an scoláire scil, staidiúr agus muinín mhaith ina léiriú féin.
- Taispeánann a léiriú tuiscint mhaith ar an stíl/téama ar a bhfuil an léiriú deiridh bunaithe.
- Tá leibhéal an-mhaith cruthaitheachta le feiceáil sa réimse teicnící córagrafacha agus cumadóireachta, prapaí agus ceoil a úsáidtear sa léiriú.
- Bíonn ionchur maith ag an scoláire i léiriú an ghrúpa ina iomláine agus taispeánann feasacht mhaith ar dhaoine eile agus iad ag bogadh
- Cloítear ag leibhéal sásúil sa léiriú leis na réamhchúraimí sábháilteachta atá riachtanach don ghníomhaíocht.

Gnóthaithe

- Léiríonn an scoláire leibhéal inghlactha scile, staidiúir agus muiníne ina léiriú féin.
- Taispeánann a léiriú tuiscint éigin ar an stíl/téama ar a bhfuil an léiriú deiridh bunaithe.
- Tá ócáidí cruthaitheachta le feiceáil sa réimse teicnící córagrafacha agus cumadóireachta, prapaí agus ceoil a úsáidtear sa léiriú.
- Bíonn ionchur éigin ag an scoláire i léiriú an ghrúpa ina iomláine agus taispeánann feasacht ar dhaoine eile agus iad ag bogadh
- Cloítear ag leibhéal inghlactha san fheidhmíocht leis na réamhchúraimí sábháilteachta atá riachtanach don ghníomhaíocht

Gnóthaithe go páirteach

- Léiríonn an scoláire leibhéal teoranta scile, staidiúir agus muiníne ina léiriú féin.
- Tugann an léiriú tuiscint theoranta ar an stíl/téama ar a bhfuil an léiriú deiridh bunaithe.
- Tá fianaise theoranta ann ar chruthaitheacht sa réimse teicnící córagrafacha agus cumadóireachta, prapaí agus ceoil a úsáidtear sa léiriú.
- Bíonn ionchur teoranta ag an scoláire i léiriú an ghrúpa ina iomláine agus taispeánann siad beagán feasachta ar dhaoine eile agus iad ag bogadh.
- Cloítear ar bhealach leis na réamhchúraimí sábháilteachta atá riachtanach don ghníomhaíocht.

Pleanáil don teagasc agus don mheasúnú

Sainaithníonn an chuid seo den tsonraíocht acmhainní a thacóidh le teagasc agus foghlam sa ghearrchúrsa.

www.jcpe.ie Seirbhís Tacaíochta na Sraithe Sóisearaí don Chorpoideachas

Aguisín 1:

Táscairí Leibhéil do Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí

Forbraíodh an gearrchúrsa seo chun teacht leis na Táscairí Leibhéil do Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí. De ghnáth, le haghaidh teistiúchán agus gradaim Leibhéil 3, baineann an t-eolas, na scileanna agus an inniúlacht a fhaightear le forbairt phearsanta, rannpháirtíocht sa tsochaí agus sa phobal, fostaíocht agus rochtain ar bhreis oideachais agus traenála

Leibhéal CNC	3
Eolas	Eolas atá measartha leathan ina raon.
Fairsinge	
Eolas	Coincréiteach ó thaobh tagartha den chuid is mó le tuiscint éigin ar an ngaol idir gnéithe eolais.
Cineál	
Eolas agus fios gnó	Réimse bunúsach de scileanna agus d'uirlisí praiticiúla agus cognaíocha a léiriú.
Raon	
Scil agus fios gnó	Roghnú ó réimse teoranta gnásanna éagsúla; réitigh atá ar eolas a chur i bhfeidhm ar réimse teoranta fadhbanna intuartha.
Roghnaíocht	
Inniúlacht	Gníomhú laistigh de réimse teoranta comhthéacsanna
Comhthéacs	
Inniúlacht	Gníomhú faoi threoir le féinriar teoranta; feidhmiú le grúpaí aitheanta aonchineálacha.
Ról	
Inniúlacht	Foghlaim conas foghlaim i dtimpeallacht atá dea-struchtúrtha.
Foghlaim conas	
Foghlaim	
Inniúlacht	Freagracht teoranta a ghlacadh ort féin as comhsheasmhacht féintuisceana agus iompair.
Léirstean	



AN ROINN
OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA
DEPARTMENT OF
EDUCATION AND SKILLS